

O DOCHARTAIGH, Antoine (c1863-1932)

In Oilean na Cruite, Co. Dhun na nGall, mar a raibh feirm bheag ag a athair Seamus a rugadh e. Bhi saibhreas seanchais agus cainte ag a mhathair, Roise Phaidi Mhic an Bhaird, stor iontach de dhanta aici agus, deirtear, seanmoiri Ui Ghallchobhair de ghlanmheabhair aici. Bhi coip ag Antoine de *Toraigheact Dhiarmada agus Ghrainne*, eagrair Chumann Buanchoimeadta na Gaeilge, a chuir Risteard O Dubhthaigh in eagar in 1884, agus duirt se le Seamus O Searcaigh [q.v.] nach raibh focal ann nach raibh a uncail Micheal Eilse in ann a mhiniu dho. Is uaidhsean a fuair se na focail neamhchoitianta a d'usaideadh se chomh nadurtha sin ina chomhra, focail a thugadh pleisiur da iardhalta Seamus O Searcaigh [q.v.] agus don scoilire Eamonn O Tuathail [B2].

Thosaigh se ag muineadh i scoil Oilean na Cruite nuair a bhi se 18 bliana d'aois. Is taobh istigh d'uaireanta scoile a mhuineadh se Gaeilge, rud a bhi annamh san am. Deirtear go mba chunamh do cairdeas an Easpaig Padraig O Domhnaill [B2] mar chosaint ar na cigiri. Ta a ainm ar liosta na mbunmhuinteoiri a raibh teastas muinteoireachta Gaeilge acu in 1893 (i gcló in *Micheal O Lochain agus An Gaodhal*, 1990, le Fionnuala Ui Fhlannagain). Bhi baint aige le Conradh na Gaeilge i dTir Chonaill beagnach o thosach agus bhi se ag an gcruinniú mor sna Cealla Beaga in 1895 (*Irisleabhar na Gaeilge*, 1 Deireadh Fomhair 1895). Thug se cunamh do Thomas Ban O Concheanainn [B2] nuair a bhi se ag timireacht sa chontae. Bhuaigh se ceann de dhuaiseanna Chuimhneachan an Chliabhraigh i 1901 agus duine den triúr dalta a bhuaigh do e ab ea Seamus O Searcaigh (*An Claidheamh Soluis*, 11 Bealtaine 1901). Bhi se ina bhall de choiste gno Cholaiste Uladh ar feadh tamaill agus mhuineadh se ann. Bhi baint aige freisin le Colaiste na gCeithre Maistri. Bhi se ina bhall de Dhail Uladh agus ba i an eagraiocht sin a d'fhoilsigh na leabhair bheaga Gaeilge a scriobh se le haghaidh na scoileanna: *Mion-thus leinn*, 1912; *Coisceim ar aghaidh*, 1912; *Giota maith 'un tosaigh*, 1915.

Phos se Maire Ni Dhochartaigh ach bhi sise marbh roimh Dhaonaireamh 1901. Phos se 27 Deireadh Fomhair 1904 Maire Nic Channa, inion fheirmeora as Inis Eoghain (d'eag si 18 Mean Fomhair 1923). Ailt an Chorrain an seoladh poist a bhi ag Antoine ag an am sin. Bhi beirt de theaghlach aige leis an chead bhean agus beirt mhac agus seisear inion sa dara posadh. Vair eigin roimh 1911 chuir se faoi i bhFal Carrach.

Amhranai aitheantuil ab ea e ag an Oireachtas timpeall 1911. Scriobh Una Ni Ogain [B2] agus Enri O Muirgheasa [B1] amhrain sios uaidh. In *Danta De*, 1928 deir Una faoi "Caoine na hAoine": "Ba e mo chara Antoine O Dochartaigh as Oilean na Cruite a thug domsa e. Thainig an duan chuige, idir fhocail agus cheol, ona mhathair agus deir se go bhfuilid an-arsa. Me fein a cheadscriobh sios an fonn uaidh (agus

fonn a 37 leis) agus eisean a ngabhail dom ar thaobh cnoic roinnt bliain o shin". Thug se 400 ceathruna de "Beatha agus bas Ar Slanaitheora" do Eiri O Muirgheasa, chomh maith le danta agus paidreacha a bhi bailithe aige sna Rosa. Bhi cuid dar bhailigh se i gclo i bpaipear i nDoire agus in *An Gaodhal*. Bhi litir ag Eoghan O Gramhna sa phaipear sin 27 Feabhra 1893 ar an gcaoi ar chuir Antoine aistriuchan Bearla agus notai ar fail leis an dan a bhi i gclo in eagrair Eanair: "Ba chiallmhar mar do mhinigh an Dochartach as Oilean na Cruite a amhran; da ndeanadh gach uile dhuine mar sin nior dheacair focloir a bhailiu". Chumadh se fein vearsai freisin.

D'eag se 20 Deireadh Fomhair 1932 agus ta se curtha i Reilig an Fhal Charraigh. Scriobh a iardhalta Seamus O Searcaigh cuntas ar a shaol in *An Tir*, Samhain 1932. Bhi alt faoi in *Sunday Independent*, 5 Bealtaine 1935. Ta sceal barruil ag O Searcaigh faoina shaontacht a bhi Antoine. Nuair a cailleadh an linear mor *California* i mBeal Torai i 1914, d'inis an Maistir Mac Giolla Chearr do gur bhain na luchoga mora an t-oilean amach, ach nar luaithe a shroich boladh chre Thorai a bpollairi na fuair siad bas. Chuir Antoine an sceal chuig paipear i nDoire gan aon mhoill!